C/2024/3967

21.6.2024

Glao ar léiriú spéise do shaineolaithe seachtracha atá le ceapadh mar chomhaltaí nó mar chomhaltaí malartacha de Bhord Riaracháin Athbhreithnithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (Frankfurt am Main, an Ghearmáin)

(C/2024/3967)

1. Réamhrá

Le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ([1]) ón gComhairle, bunaíodh an Sásra Aonair Maoirseachta (SAM) ar bhonn Airteagal 127(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá SAM comhdhéanta den Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) agus d'údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, agus tá an fhéidearthacht ann dlúthchomhar a bhunú le húdaráis inniúla na mBallstát nach bhfuil an euro mar airgeadra acu. Tá BCE freagrach as feidhmiú foriomlán SAM.

De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, bhunaigh BCE Bord Riaracháin Athbhreithnithe ('an Bord Riaracháin') chun athbhreithniú riaracháin inmheánach a dhéanamh ar chinntí arna ndéanamh ag BCE i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 tar éis iarraidh ar athbhreithniú. Féachann BCE le folúntais reatha agus folúntais a bhfuiltear ag súil leo do chomhaltaí an Bhoird Riaracháin agus do chomhaltaí malartacha a líonadh agus, dá bhrí sin, eagraíonn sé an glao seo ar léiriú spéise i gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh BCE/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach ([2]).

2. BCE agus a Bhord Riaracháin Athbhreithniúcháin

Is cuid dhílis de SAM é an Bord Riaracháin. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 athbhreithniú a iarraidh ar chinneadh BCE a rinneadh faoin Rialachán sin agus a díríodh chuig an duine sin, nó a bhaineann go díreach agus go leithleach leis an duine sin, seachas cinntí ó Chomhairle Rialaithe BCE a rinneadh faoi Airteagal 24(7) den Rialachán sin.

3. Comhdhéanamh an Bhoird Riaracháin

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, tá an Bord Riaracháin comhdhéanta de chúigear daoine aonair agus beirt mhalartach a bhfuil dea-cháil orthu. Tá dóthain acmhainní agus saineolais aige chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú chumhachtaí BCE faoi Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013. Is é BCE a cheapann comhaltaí an Bhoird Riaracháin agus an bheirt chomhaltaí mhalartacha ar feadh téarma cúig bliana, téarma is féidir a fhadú uair amháin, agus a ghníomhaíonn go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail.

Glacfaidh an bheirt mhalartach ionad chomhaltaí an Bhoird Riaracháin ar bhonn sealadach i gcás iad a bheith éagumasach go sealadach nó más rud é, i gcomhthéacs iarraidh ar leith ar athbhreithniú, go bhfuil cúiseanna cuí-réasúnaithe ann ar údar mór imní iad gurb ann do choinbhleacht leasa, e.g. i gcás ina bhfuil leas príobháideach nó pearsanta ag comhalta den Bhord Riaracháin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlíonadh neamhchlaonta oibiachtúil a chuid dualgas nó a cuid dualgas, nó a bhféadfadh an chuma a bheith air go mbeadh tionchar aige ar an gcomhlíonadh sin. Glacfaidh comhalta malartach ionad comhalta den Bhord Riaracháin go buan i gcás buanéagumais, báis, éirí as oifig nó cur as oifig.

Is é an Bord Feidhmiúcháin a ainmníonn comhaltaí an Bhoird Riaracháin agus a gcomhaltaí malartacha, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord Maoirseachta, agus is í Comhairle Rialaithe BCE a cheapann iad. Leag an Chomhairle Rialaithe síos freisin téarmaí agus coinníollacha ceapacháin chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin.

4. Cáilíochtaí agus taithí chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin

I gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, roghnaítear comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin ar bhonn a ndea-cháile agus ar bhonn a dtaifid chruthaithe ar eolas ábhartha agus a dtaithí ghairmiúil, lena n-áirítear taithí mhaoirseachta, go dtí leibhéal sách ard i réimsí na baincéireachta nó na seirbhísí airgeadais eile. Ní fhéadfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin a bheith ag an am céanna ar fhoireann BCE ná ar fhoireann na n-údarás inniúil ná ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí náisiúnta eile nó de chuid an Aontais a bhfuil baint acu leis na cúraimí a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a dhéanamh. Ní mór dóibh a bheith ar fáil ar ghearrfhógra chun éisteacht le hiarrataí ar athbhreithniú i gcoinne chinntí BCE.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa (IO L 287, 29.10.2013, lch. 63).

([2]) Cinneadh BCE/2014/16 an 14 Aibreán 2014 maidir leis an mBord Riaracháin Athbhreithnithe a bhunú agus a Rialacha Oibriúcháin (IO L 175, 14.6.2014, lch. 47).

Déanfar comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin a cheapadh chun a áirithiú, a mhéid is féidir, go mbeidh cothromaíocht iomchuí gheografach agus inscne ann ar fud na mBallstát. Is institiúid chuimsitheach é BCE a fhéachann le héagsúlacht an daonra ar a bhfreastalaíonn sé a léiriú. Spreagtar iarratais beag beann ar aois, míchumas, eitneacht, inscne, féiniúlacht inscne, cine, creideamh reiligiúnach, gnéaschlaonadh nó tréithe eile.

Beidh na hiarratais faoi réir meastóireacht chomparáideach a dhéanfaidh BCE. Go háirithe, cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) *Critéir roghnúcháin*

Ní mór d'iarrthóirí na scileanna agus na hinniúlachtaí seo a leanas a bheith acu:

— eolas agus tuiscint an-mhaith ar reachtaíocht an Aontais i réimse na baincéireachta agus na seirbhísí airgeadais eile, lena n-áirítear cúraimí agus feidhmiú BCE, agus SAM go háirithe;

— eolas agus tuiscint an-mhaith ar fheidhmiú na hearnála baincéireachta, go háirithe san aontas baincéireachta;

— taithí ar chreataí maoirseachta, nósanna imeachta maoirseachta agus cleachtais mhaoirseachta a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm.

(b) *Critéir incháilitheachta*

Ní mór d'iarrthóirí na critéir incháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh:

— a bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas, atá i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach,

— sáreolas ar an mBéarla agus cumas cruthaithe maidir le dréachtú agus scileanna cur i láthair, agus eolas maith ar cheann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais.

Bheadh sáreolas nó eolas maith ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais ina bhuntáiste.

5. **Luach saothair**

Gheobhaidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo luach saothair a bheidh i gcomhréir leis na cúraimí a shannfar dóibh.

6. **Ceapachán**

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus le Rialacha Oibriúcháin an Bhoird Riaracháin. Is í Comhairle Rialaithe BCE a cheapfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin agus na comhaltaí malartacha i gcáil phearsanta agus, dá bhrí sin, ní fhéadfaidh siad freagrachtaí a tharmligean chuig comhalta eile ná chuig tríú páirtí.

7. **Liosta ionadaithe**

Féadfaidh an Coiste Roghnóireachta iarrthóirí oiriúnacha a chur ar liosta ionadaithe, óna bhféadfar iarrthóirí a cheapadh chuig poist chomhchosúla amach anseo. Cuirfear na hiarrthóirí ar an eolas dá réir sin má dhéantar sin. Beidh an liosta ionadaithe bailí go ceann cúig bliana ón uair a cheapfar comhaltaí nó comhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin agus féadfar é a úsáid chun comhalta malartach a cheapadh i gcás ina dtiocfaidh folúntas chun cinn.

8. **Neamhspleáchas agus dearbhuithe gealltanas agus leasa**

Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin agus na comhaltaí malartacha go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Chun na críche sin, ní mór dóibh araon dearbhú poiblí gealltanas agus dearbhú poiblí leasanna a dhéanamh lena léirítear aon leas díreach nó indíreach a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas, nó lena léirítear nach bhfuil aon leas den sórt sin acu. Ní mór do gach ceann acu a dhearbhú freisin go bhfuil na rialacha maidir le rúndacht á gcomhlíonadh agus Dearbhú Iompair Eiticiúil dá bhforáiltear sa Chód Iompair d'Oifigigh ardleibhéil de chuid an BCE ([3]) a shíniú.

([3]) Cód Iompair le haghaidh Oifigigh Ardleibhéil an BCE (IO C 478, 16.12.2022, lch. 3).

9. **Ráiteas Príobháideachais**

Déanfaidh BCE an fhaisnéis phearsanta uile faoi iarrthóirí a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Tá feidhm aige sin go háirithe maidir le rúndacht agus slándáil sonraí den sórt sin. Is é Ard-Stiúrthóir BCE, Rialachas & Oibríochtaí SAM, a shainaithneofar mar rialaitheoir le haghaidh próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le rannpháirtíocht BCE sa nós imeachta roghnúcháin ar bhonn an ghlao seo ar léirithe spéise. Is é is cuspóir don phróiseáil sonraí roghnú agus ceapadh chomhaltaí nó chomhaltaí malartacha an Bhoird Riaracháin a eagrú. Ní phróiseálfar na sonraí pearsanta go léir ach chun na críche seo. Toilíonn iarrthóirí le próiseáil sonraí pearsanta trína sonraí pearsanta a chur ar fáil mar chuid dá n-iarratas. Féadfaidh iarrthóir a thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith trí fhógra a thabhairt do Rúnaíocht an Bhoird Riaracháin (ABoR2024@ecb.europa.eu), agus tar éis an fógra sin a fháil ní leanfar de shonraí pearsanta a phróiseáil agus eisiafar an t-iarrthóir ón nós imeachta roghnúcháin, ach beidh aon réamhphróiseáil fós dleathach.

Is iad comhaltaí an Choiste Roghnúcháin, Bhord Feidhmiúcháin BCE agus Bhord Maoirseachta BCE agus comhaltaí Chomhairle Rialaithe BCE a gheobhaidh sonraí pearsanta na n-iarrthóirí.

Féadfaidh BCE sonraí na n-iarrthóirí ar éirigh leo a choinneáil ar feadh tréimhse cúig bliana ó dheireadh an téarma oifige. I gcás iarrthóirí nár éirigh leo, coinneofar na sonraí go ceann dhá bhliain tar éis an nós imeachta roghnúcháin a thabhairt chun críche. I gcás díospóidí dlíthiúla, síneofar na tréimhsí coinneála thuas ar feadh dhá bhliain tar éis na himeachtaí ábhartha go léir a chríochnú.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí agus a gcuid sonraí aitheantais a nuashonrú nó a cheartú. Ní fhéadfar, áfach, sonraí lena léirítear comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta agus roghnúcháin a thabhairt cothrom le dáta ná a cheartú tar éis dháta deiridh an ghlao seo ar léirithe spéise chun a áirithiú go gcomhlíonfar prionsabail na rochtana comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe agus chun a áirithiú go mbeidh an nós imeachta roghnúcháin láidir, trédhearcach agus cothrom do gach iarrthóir.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí rochtain a fháil ar a sonraí meastóireachta le linn an nós imeachta. Chun rúndacht phléitíi agus chinnteoireacht an Choiste Roghnúcháin, Bhord Feidhmiúcháin BCE, Bhord Maoirseachta BCE agus na Comhairle Rialaithe a chosaint agus chun cearta agus saoirsí na n-iarrthóirí eile a chosaint, beidh rochtain na n-iarrthóirí teoranta dá n-aighneachtaí féin agus do na codanna den mheasúnú a bhaineann leo.

Tá sé de cheart ag iarrthóirí a iarraidh go scriosfaí a sonraí pearsanta. Déanfar iarraidh den sórt sin a eisiamh ón nós imeachta roghnúcháin.

Féadfaidh iarrthóirí a gcearta a fheidhmiú mar a thagraítear dóibh i Roinn 9 seo trí theagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Bhoird Riaracháin (ABoR2024@ecb.europa.eu). Féadfaidh iarrthóirí dul i dteagmháil freisin le hOifigeach Cosanta Sonraí BCE go díreach ag dpo@ecb.europa.eu maidir le gach ceist a bhaineann le sonraí pearsanta i dtaca lena n-iarratas.

Tá iarrthóirí i dteideal dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith.

A luaithe a cheapfar iad, foilseofar ainmneacha chomhaltaí malartacha agus chomhaltaí an Bhoird Riaracháin arna gceapadh faoin nós imeachta sin ar shuíomh gréasáin BCE.

10. **Nós Imeachta iarratais**

Chun go mbeidh iarratais bailí, ní mór iad a chur isteach i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais a leagtar amach thíos.

Ní mór Curriculum Vitae atá cothrom le dáta a bheith san áireamh sna hiarratais (is féidir an CV Eorpach samplach (molta) a íoslódáil ag https://europa.eu/europass/en).

Ní mór iarratais a chur isteach tráth nach déanaí ná an 12 Iúil 2024. Is féidir iarratais a chur isteach trí ríomhphost chuig an seoladh seo a leanas: ABoR2024@ecb.europa.eu

Déanfar admháil go bhfuarthas an t-iarratas trí ríomhphost i gcás gach iarratais a gheofar trí ríomhphost agus beidh an admháil sin ina fianaise ar an am agus ar an dáta a fuarthas an t-iarratas.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Féadfar iarratais a chur isteach freisin tríd an bpost cláraithe nó trí sheirbhís phríobháideach chúiréireachta chuig an seoladh seo a leanas:

An Banc Ceannais Eorpach
Ard-Stiúrthóir Rialachais & Oibríochtaí SAM
Kaiserstraße 29
60640 Frankfurt am Main
AN GHEARMÁIN

Beidh stampa oifig an phoist nó an dáta ar an duillín arna eisiúint ag an tseirbhís cúiréireachta ina chruthúnas gur comhlíonadh an teorainn ama thuasluaite maidir le tíolacadh. Mar sin féin, ní bhreithneoidh BCE iarratais a shroicheann BCE 10 lá féilire tar éis don teorainn ama thuas dul in éag.

Chun an próiseas roghnúcháin a éascú, is i mBéarla a bheidh gach cumarsáid leis na hiarrthóirí maidir leis an nglao seo ar léiriú spéise.

Cuirfear gach iarrthóir a dhéanfaidh iarratas ar an nglao seo ar léiriú spéise ar an eolas faoi thoradh an phróisis roghnúcháin agus ceapacháin.

Is féidir ceisteanna agus iarrataí ar shoiléiriú maidir leis an nglao seo ar léiriú spéise a chur chuig:

Pedro Gustavo Teixeira
Ard-Stiúrthóir Rialachais & Oibríochtaí SAM
An Banc Ceannais Eorpach
Kaiserstraße 29
60640 Frankfurt am Main
AN GHEARMÁIN

Uimhir ghutháin: +49 6913440

R-phost: ABoR2024@ecb.europa.eu